

Nótaí an Mhúinteora: Monaiphrintáil

Gemma Mc Girr

Ábhair: *Bileoga Perspex, timpeall méid A3*
Rollairí
Dúch blocphrintála (uiscebhunaithe) sna príomhdhathanna, agus i
ndubh agus bán
Bileoga prionta nuachtáin, méid A3 nó A4
Bileoga de pháipéar daite siúcra
Cipíní líreacáin agus uirlisí plaisteacha cré le barr cothrom

Spreag na leanaí chun amharc ar an fhístéip faoi mhonaiphrintaí a dhéanamh. Pléigh an chaoi a rothlaítear an dúch go cothrom ar an Perspex, is fearr an beagán. Pléigh cén fáth a n-úsáidtear monaiphrinta agus féach conas a bhíonn gach ceann uathúil.

Féadfaidh na leanaí priontaí a dhéanamh le béim ar dhath, dhá dhath nó níos mó a rothlú amach ar an Perspex agus prionta a thógáil. Is fearr prionta nuachtáin nó páipéar siúcra a úsáid mar go súnn siad isteach an dúch. Féadfaidh siad trialacha a dhéanamh le héifeachtaí dath ar dhath, dathanna comhlánacha/contrártha.

Is féidir leo líniú go díreach ar an Perspex le cipín líreacáin nó le huirlis chré le barr cothrom plaisteach agus prionta a thógáil. Gheobhaidh siad amach go tapa faoin éifeacht scátháin.

Nuair a chuirtear bileog pháipéir ar an dromchla dúigh tig leis na leanaí líniú air, é a rolladh le rollaire tirim agus é a ardú chun a líníocht a fheiceáil ina phrinta.

Féadfaidh na leanaí réimse den Perspex dúigh a chumhdach chun stionsal a chruthú agus prionta a thógáil. Féadfaidh cruth ar bith a bheith sna stionsail seo agus nuair a thógtar na priontaí is féidir an stionsal a ardú agus a úsáid chun prionta dearfach a dhéanamh ar bhileog eile.

Féadfaidh na leanaí póstaer a dhéanamh leis an teicníc cumhdaigh. Is féidir réimse/réimsí téacs a chumhdach, an prionta a dhéanamh agus nuair a bhíonn sé tirim is féidir an téacs a chur isteach. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar an ríomhaire le Word Art.

Trí réimsí a chumhdach d'fhéadfadh na leanaí freisin priontaí spéisiúla a dhéanamh mar fhrámaí do ghrianghraif nó dá saothar scríofa.

Ealaíontóirí Ábhartha:

1. Brian Kennedy
2. Stephen Vaughan (<http://homepage.eircom.net/~vaughanprint/>)
3. Picasso
4. Matisse
5. M.C. Escher